TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
RANTOS
arna tabhairt an 3 Márta 2022[1]

Cás C-873/19

Deutsche Umwelthilfe eV
v
Bundesrepublik Deutschland,
páirtí leasmhar:
Volkswagen AG

(Iarraidh ar réamhrialú ón Schleswig-Holsteinisches Verwaltungsgericht (Cúirt Riaracháin Schleswig-Holstein, an Ghearmáin))

(Tarchur chun réamhrialú — an Comhshaol — Coinbhinsiún Aarhus — Rochtain ar an gceartas — Airteagal 9(3) — Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh — Airteagal 47, an chéad mhír — Ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil — Comhlachas ceadaithe um chosaint an chomhshaoil — Seasamh os comhair cúirt náisiúnta chun agóid a dhéanamh i gcoinne chineálcheadú CE a deonaíodh d'fheithiclí — Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 — Cineálcheadú mótarfheithiclí — Airteagal 5(2) — Inneall díosail — Laghdú ar astaíochtaí ocsaíde nítrigine arna theorannú ag 'fuinneog theochta' — Feiste sháraithe — Údarú feiste den sórt sin i gcás ina mbeidh call leis an bhfeiste chun an t-inneall a chosaint ó dhamáiste nó ó thionóisc agus chun go n-oibreoidh an fheithicil go sábháilte — Leibhéal teicneolaíochta)

I. Réamhrá

1. Sna príomhimeachtaí, chinn an t-údarás náisiúnta atá inniúil ar chineálcheadú CE údarú a thabhairt, maidir le feithiclí arna dtáirgeadh ag monaróir gluaisteán Volkswagen AG agus atá feistithe le hinneall díosail de chineál Euro 5, bogearraí atá comhtháite sa ríomhaire rialaithe innill a laghdaíonn, faoi choinníollacha teochta lasmuigh áirithe, athchúrsáil gás sceite, rud a fhágann go dtiocfaidh méadú ar astaíochtaí ocsaíd nítrigine (NOx).

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

2. Thaisc Deutsche Umwelthilfe eV, comhlachas ceadaithe um chosaint an chomhshaoil, achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Schleswig-Holsteinisches Verwaltungsgericht (Cúirt Riaracháin Schleswig-Holstein, an Ghearmáin) ag áitiú gur 'feiste sháraithe' atá sa bhogearra sin atá neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 [2].

3. De réir na cúirte a rinne an tarchur, níl seasamh dlí ag Deutsche Umwelthilfe faoin dlí náisiúnta chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin. Dá réir sin, fiafraíonn an chúirt sin den Chúirt Bhreithiúnais, ar dtús, an gceanglaítear le hAirteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus [3], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), go mbeadh comhlachas den sórt sin i dteideal agóid a dhéanamh os comhair na gcúirteanna náisiúnta i gcoinne cinneadh riaracháin lena ndeonaítear cineálcheadú fheithiclí CE faoi Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007.

4. Ar an dara dul síos, más tá freagra dearfach, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena chinneadh an ndéantar an 'gá' le feiste sháraithe, de réir bhrí Airteagal 5(2), a mheasúnú de réir leibhéal na teicneolaíochta atá ann ar dháta chineálcheadú CE na feithiclí lena mbaineann agus ar cheart imthosca eile a d'fhéadfadh feiste sháraithe den sórt sin a dhéanamh dleathach a chur san áireamh.

II. An dlí lena mbaineann

A. Dlí idirnáisiúnta

5. Foráiltear le hAirteagal 1 de Choinbhinsiún Aarhus, dar teideal 'Cuspóir':

'Chun cur le cosaint an chirt atá ag gach duine de na glúnta reatha agus a bheidh ag gach duine de na glúnta amach anseo chun maireachtáil i dtimpeallacht atá leordhóthanach dá shláinte nó dá sláinte agus dá fholláine nó dá folláine, cinnteoidh gach Páirtí na cearta rochtana ar fhaisnéis, rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht, agus rochtain ar cheartas i gceisteanna comhshaoil i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo.'

6. Foráiltear le míreanna 4 agus 5 d'Airteagal 2, dar teideal 'Sainmhíniú', den Choinbhinsiún sin:

'4. Ciallaíonn ' an pobal ' duine nádúrtha nó dlíthiúil amháin nó níos mó, agus, i gcomhréir leis an reachtaíocht nó cleachtas náisiúnta, a gcomhlachais, eagraíochtaí nó grúpaí;

5. Ciallaíonn ' an pobal atá i gceist ' an pobal a ndéanann cinnteoireacht comhshaoil difear dó nó ar dóchúil go ndéanfaidh cinnteoireacht comhshaoil difear dó, nó a bhfuil leas aige i gcinnteoireacht comhshaoil;'

[2] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO 2007 L 171, lch. 1) arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún, an 18 Iúil 2008 (IO 2008 L 199, lch. 1) ('Rialachán Uimh. 715/2007').

[3] An Coinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, arna shíniú in Aarhus (an Danmhairg) an 25 Meitheamh 1998 agus arna bhformheas thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 2005 (IO 2005 L 124, lch. 1; 'Coinbhinsiún Aarhus').

7. Foráiltear le míreanna 2 go 3 d'Airteagal 9 den Choinbhinsiún sin, dar teideal 'Rochtain ar Cheartas':

'2. Cinnteoidh gach Páirtí, laistigh de chreat a reachtaíochta náisiúnta, a mbíonn ag baill den phobal atá i gceist

a) a bhfuil leas dóthanach acu nó, mar mhalairt air sin,

b) a dhéanann ceart a lagú, nuair a cheanglaítear é seo i ndlí nós imeachta riaracháin Páirtí mar réamhchoinníoll, rochtain ar nós imeachta athbhreithnithe roimh chúirt dlí agus/nó comhlacht eile neamhchlaonta agus/nó neamhspleách a bhunaítear sa dlí, chun cur in aghaidh dlíthiúlacht shubstainteach agus nós imeachta aon chinnidh, aon ghnímh nó aon easnaimh faoi réir fhorálacha Airteagal 6 agus, nuair a fhoráiltear dó seo faoin dlí náisiúnta agus gan dochar do mhír 3 thíos, dlíthiúlacht fhorálacha eile an Choinbhinsiúin seo.

Déanfar cinneadh faoin méid atá i gceist le leas agus lagú dóthanach ar cheart i gcomhréir le ceanglais dlí náisiúnta agus ar aon dul leis an gcuspóir chun rochtain fhairsing a thabhairt don phobal i gceist ar cheartas laistigh de scóip an Choinbhinsiúin seo. Chuige sin, measfar gur dóthanach leas aon eagraíochta neamhrialtasaí a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 2, mír 5, chun críche fhomhír (a) thuas. Measfar go bhfuil cearta ag na heagraíochtaí siúd, chomh maith, ar féidir iad a lagú chun críche fhomhír (b) thuas.

[...]

3. Anuas air sin agus gan dochar do na nósanna imeachta athbhreithnithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 thuas, cinnteoidh gach Páirtí, sa chás go sásaíonn siad na critéir, más ann dóibh, a leagtar síos ina dhlí náisiúnta, go mbíonn teacht ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha chun cur in aghaidh gníomhartha agus easnamh ag daoine príobháideacha agus údaráis phoiblí a sháraíonn forálacha a dhlí náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.'

B. Dlí an Aontais Eorpaigh

1. Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006

8. Foráiltear le hAirteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 [4], dar teideal 'Cuspóir', i mír 1:

'Is é is cuspóir don Rialachán seo rannchuidiú le comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an gCoinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ("Coinbhinsiún Aarhus"), trí fhorálacha a leagan síos atá dírithe ar fhorálacha an Choinbhinsiúin a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Chomhphobail, go háirithe:

[...]

d) trí rochtain ar cheartas in ábhair chomhshaoil a ráthú ar leibhéal an Chomhphobail, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo.'

[4] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail (IO 2006, L 264, lch. 13).

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9. Foráiltear le mír 1(f) d'Airteagal 2, den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(c) ciallaíonn "dlí comhshaoil" aon fhoráil de dhlí an Chomhphobail a rannchuidíonn, beag beann ar a bunús dlí, le gnóthú chuspóirí bheartas an Chomhphobail i réimse an chomhshaoil de réir mar a fhoráiltear sa chonradh: caomhnú, cosaint agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil, sláinte an duine a chosaint, úsáid stuama réasúnach acmhainní nádúrtha agus cur chun cinn, ar an leibhéal idirnáisiúnta, beart chun déileáil le fadhbanna réigiúnacha nó domhanda comhshaoil.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

2. Rialachán Uimh. 715/2007

10. De réir aithrisí 1, 6 agus 7 de Rialachán Uimh. 715/2007:

'(1) [...] ba chóir na riachtanais theicniúla a bhaineann le comhchineálú mótarfheithiclí maidir le hastaíochtaí a chomhchuibhiú sa dóigh nach mbeadh riachtanais dhifriúla i mBallstáit áirithe seachas a chéile agus chun ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú.

[...]

(6) Is gá, go háirithe, laghdú suntasach a dhéanamh ar astaíochtaí ocsaíde nítrigine ó fheithiclí díosail chun cáilíocht an aeir a fheabhsú agus chun luachanna teorantacha truaillithe a chomhlíonadh. [...]

(7) Agus caighdeáin astaíochta á leagan amach, tá sé tábhachtach go gcuirfí san áireamh na himpleachtaí do mhargaí agus d'iomaíochas déantóirí, na costais dhíreacha agus indíreacha a chuirtear ar ghnó agus na buntáistí a charntar ó thaobh nuálaíocht a spreagadh, cáilíocht an aeir a fheabhsú, costais sláinte a laghdú agus ionchas saoil a mhéadú, mar aon leis na himpleachtaí a bhaineann leis an tionchar foriomlán ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin.'

11. Foráiltear le hAirteagal 1(1), den Treoir sin, dar teideal 'Ábhar':

'Bunaítear leis an Rialachán seo ceanglais chomhchoiteanna teicniúla maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí ("feithiclí") agus páirteanna athsholáthair, ar nós feistí athsholáthair rialaithe truaillithe, i dtaca lena n-astaíochtaí.'

12. Foráiltear le hAirteagal 3(10), den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha an Rialacháin seo agus chun críocha a bheart cur chun feidhme, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

10) ciallaíonn “feiste sáraithe” aon eilimint dearaidh lena mothaítear teocht, luas feithicle, luas innill (ISN), giar traiseolta, folús iolrúcháin nó aon pharaiméadar eile chun críocha oibriú aon chuid den chóras rialaithe astaíochta a ghníomhachtú, a mhodhnú, a mhoilliú nó a dhíghníomhachtú agus lena laghdaítear éifeachtúlacht an chórais rialaithe astaíochta i gcoinníollacha a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leo i ngnáthoibriú agus i ngnáthúsáid feithiclí;’

13. Foráiltear le míreanna 1 go 2 d’Airteagal 5 den Rialachán sin, dar teideal ‘Riachtanais agus tástálacha’:

‘1. Feisteoidh an déantóir na feithiclí ionas go mbeidh na comhpháirteanna deartha, déanta agus cóimeáilte ar dhóigh go bhféadfaidh an fheithicil, sa ghnáthúsáid, an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme a chomhlíonadh.

2. Toirmiscfear úsáid feistí sáraithe a laghdaíonn éifeachtúlacht na gcóras rialaithe astaíochtaí. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc sna cásanna seo a leanas:

a) i gcás ina mbeidh call leis an bhfeiste chun an t-inneall a chosaint ó dhamáiste nó ó thionóisc agus chun go n-oibreoidh an fheithicil go sábháilte;

b) i gcás nach n-oibreoidh an fheiste ach chun críocha an t-inneall a dhúiseacht,

nó

c) i gcás ina bhfolófar go suntasach sna nósanna imeachta tástála coinníollacha chun astaíochtaí galaithe agus meánastaíochtaí ó sceithphíopaí a fhíorú.’

14. Leagtar síos le hIarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 715/2007, dar teideal ‘Teorainneacha Astaíochta’, na luachanna teorantacha astaíochtaí NOx, go háirithe i gcás feithiclí de chineál Euro 5, i dTábla 1.

3. Treoir 2007/46/CE

15. Aisghairtear Treoir 2007/46/CE[5] le Rialachán (AE) 2018/858[6], le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2020, de bhun Airteagal 88 den Rialachán sin. Mar sin féin, i bhfianaise dháta na bhfíoras i gceist, tá feidhm fós ag an Treoir sin maidir leis na príomhimeachtaí.

16. Foráiltear le hAirteagal 1 den Treoir sin, dar teideal ‘Cuspóir’:

‘Bunaítear leis an Treoir seo creat comhchuibhithe ina bhfuil na forálacha riaracháin agus na ceanglais ghinearálta theicniúla maidir le gach feithicil nua laistigh dá raon feidhme a cheadú agus maidir leis na córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le

[5] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin (Treoir Réime) (IO 2007 L 263, lch. 1), arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 214/2014 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2014 (IO 2014 L 69, lch. 3) (an ‘Treoir Uimh. 2007/46’).

[6] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán CE Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO 2018 L 151, lch. 1).

haghaidh na feithiclí sin a cheadú, le háis a gcláraithe, a ndíol agus a gcur i seirbhís laistigh den Chomhphobal.

[...]

Déanfar ceanglais theicniúla shonracha maidir le déanamh agus feidhmiú feithiclí a leagan síos i gcur i bhfeidhm na Treorach seo i ngníomhartha rialála, a bhfuil a liosta uileghabhálach leagtha amach in Iarscríbhinn IV.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

17. Foráiltear le hAirteagal 3(5) den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha an Rialacháin seo agus chun críocha na ngníomhartha rialála a liostaítear in Iarscríbhinn IV, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt iontu, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

5. ciallaíonn "cineálcheadú CE": an nós imeachta trína ndeimhníonn Ballstát go gcomhlíonann cineál feithicle, cineál córais, cineál comhpháirte nó cineál aonaid theicniúil ar leithligh forálacha riaracháin ábhartha agus ceanglais theicniúla ábhartha na Treorach seo agus na ngníomhartha rialála atá liostaithe in Iarscríbhinn IV nó XI;'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

18. Is éard atá i gceist le Cuid I dar teideal 'Gníomhartha rialála maidir le cineálcheadú CE feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta' d'Iarscríbhinn IV, dar teideal 'Liosta de cheanglais chun críocha chineálcheadú CE feithiclí', den Treoir sin ná Rialachán Uimh. 715/2007 a mhéid a bhaineann le 'hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma tráchtála (Euro 5 agus Euro 6)/rochtain ar fhaisnéis' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

C. Dlí na Gearmáine

19. Foráiltear le § 42 den Verwaltungsgerichtsordnung (Cód Nós Imeachta na Cúirte Riaracháin)[7], sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí (an 'VwGO'):

'1. Féadfar achomharc a thaisceadh ag iarraidh go ndéanfaí gníomh riaracháin a neamhniú (caingean le haghaidh neamhniú), nó chun go n-ordófaí don lucht riaracháin gníomh a dhéanamh a dhiúltaigh nó a staon sé as a dhéanamh (caingean le haghaidh urghaire).

2. A mhéid nach bhforáiltear a mhalairt sa dlí, ní bheidh an t-achomharc inghlactha ach amháin má éilíonn an t-iarratasóir go ndearnadh dochar dá chearta de bharr an gníomh riaracháin atá i gceist nó de bharr diúltú nó staonadh ón ngníomh sin.'

[7] BGBl. 1991 I, lch. 686.

20. Foráiltear le § 113(1) de VwGO:

‘Sa mhéid go bhfuil an gníomh riaracháin mídhleathach agus go ndéantar dochar dá bharr sin don iarratasóir ina chearta, cuireann an chúirt an gníomh riaracháin sin agus, más iomchuí, an cinneadh a glacadh tar éis achomhairc, ar neamhní. […]’

21. Foráiltear le § 1(1) den Gesetz über ergänzende Vorschriften zu Rechtsbehelfen in Umweltangelegenheiten nach der EG – Richtlinie 2003/35/EG (Umwelt-Rechtsbehelfsgesetz) [Dlí lena leagtar síos forálacha breise maidir le leigheasanna in ábhair chomhshaoil dá bhforáiltear i dTreoir 2003/35/CE [8] (an Dlí maidir le leigheasanna in ábhair chomhshaoil)] [9] sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí (an ‘VwGO’):

‘Tá an dlí seo infheidhme maidir le hachomhairc a thaisctear i gcoinne na gcinntí seo a leanas:

[…]

5) gníomhartha riaracháin nó conarthaí dlí poiblí lena n-údaraítear tionscadail seachas na cinn dá dtagraítear i bpointe 1 go pointe 2b de bhun fhorálacha comhshaoil an dlí fheidearálaigh, dhlí an Land nó gníomhartha de dhlí an Aontais atá infheidhme go díreach, agus

6) gníomhartha riaracháin maidir le bearta faireachais nó rialaithe a glacadh maidir le tionscadail seachas na cinn dá dtagraítear i bpointe 1 go pointe 5 atá ceaptha chun comhlíonadh fhorálacha comhshaoil an dlí fheidearálaigh, dhlí an Land nó gníomhartha de dhlí an Aontais atá infheidhme go díreach a áirithiú.

Tá feidhm ag an dlí seo freisin sa chás nach nglactar ceann de na cinntí dá dtagraítear sa chéad abairt, contrártha leis na forálacha atá i bhfeidhm. […]

[…]

Níl an chéad agus an dara habairt infheidhme i gcás cinneadh de réir bhrí na míre seo a ghlactar mar thoradh ar chinneadh na gcúirteanna riaracháin chun díospóid a réiteach.’

22. Foráiltear le § 2(1) de UmwRG:

‘Féadfaidh comhlachas náisiúnta nó eachtrach arna fhormheas i gcomhréir le § 3, gan gá a éileamh go ndearnadh dochar dá chearta, achomharc a dhéanamh i gcomhréir le VwGO i gcoinne cinnidh dá dtagraítear sa chéad abairt de § 1(1), nó i gcoinne mainneachtain cinneadh den sórt sin a dhéanamh, i gcás go n-éilíonn an comhlachas sin

1) go bhfuil cinneadh dá dtagraítear sa chéad abairt de § 1(1), nó mainneachtain cinneadh den sórt sin a dhéanamh, contrártha d’fhorálacha a d’fhéadfadh a bheith ábhartha chun críocha an chinnidh sin;

8 Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 lena ndéantar foráil maidir le rannpháirtíocht an phobail agus pleananna agus cláir áirithe a bhaineann leis an gcomhshaol á dtarraingt suas acu, agus lena leasaítear, Treoracha 85/337/CCE agus 96/61/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann siad le rannpháirtíocht an phobail agus rochtain ar an gceartas (IO 2003 L 156, lch. 17).

9 BGBl. 2017 I, lch. 3290.

2) go ndéanann cinneadh dá dtagraítear sa chéad abairt de § 1(1), nó mainneachtain cinneadh den sórt sin a dhéanamh, difear dóibh laistigh dá raon feidhme gníomhaíochta reachtúla chun cabhrú le cuspóirí cosanta an chomhshaoil a bhaint amach, agus

3) i gcás nós imeachta dá dtagraítear

   a) sa chéad abairt de § 1(1), pointí 1 go 2b, i dteideal a bheith rannpháirteach;

   b) sa chéad abairt de § 1(1), pointe 4, i dteideal a bheith rannpháirteach agus, sa chomhthéacs sin, gur léirigh sé é féin ar an tsubstaint i gcomhréir leis na forálacha a bhí i bhfeidhm, nó nár tugadh an deis dó idirghabháil a dhéanamh, contrártha leis na forálacha atá i bhfeidhm.

I gcás achomharc i gcoinne cinnidh dá dtagraítear i bpointe 2a go 6 den chéad abairt de § 1(1), nó i gcoinne mainneachtain cinneadh den sórt sin a dhéanamh, ní mór don chomhlachas sárú ar fhorálacha comhshaoil a líomhain freisin.'

23. De réir § 25(2) den Verordnung über die EG-Genehmigung für Kraftfahrzeuge und ihre Anhänger sowie für Systeme, Bauteile und selbständige technische Einheiten für diese Fahrzeuge (EG-Fahrzeuggenehmigungsverordnungs) [Rialachán maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí, a leantóirí agus córas, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe do na feithiclí sin (Rialachán maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí)[10], sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (an 'EG-FGV')]:

'1. Má chinneann Kraftfahrt-Bundesamt [Údarás na Cónaidhme um Mótar-Iompar (an Ghearmáin), "KBA"] nach gcomhlíonann feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla an cineál ceadaithe, féadfaidh sé na bearta is gá a ghlacadh faoi Threoir [2007/46], 2002/24/CE [[11]] agus 2003/37/CE [[12]] atá infheidhme maidir leis an gcineál lena mbaineann, chun comhréireacht táirgeachta leis an gcineál formheasta a áirithiú.

2. Féadfaidh KBA forálacha coimhdeacha a fhorchur go cúlghabhálach chun aon locht atá sainaitheanta a leigheas agus chun comhréireacht feithiclí atá ar an margadh cheana, aonaid theicniúla ar leithligh nó comhpháirteanna a áirithiú.'

III. An díospóid sna príomhimeachtaí, na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

24. Tháirg Volkswagen, *inter alia*, mótarfheithiclí VW Golf Plus TDI, a bhí feistithe le hinneall díosail de chineál EA 189 de ghlúin Euro 5 ina bhfuil toilleadh sorcóra 2 lítear (na 'feithiclí lena mbaineann'). Bhí comhla ag na feithiclí seo le haghaidh athshruthú gáis sceite.

25. Is é a bhí sna feithiclí lena mbaineann i dtosach ná bogearraí atá comhtháite sa ríomhaire rialaithe innill le dhá mhodh; 'modh 0', agus 'modh 1' (an 'córas lasctha'). Cuireadh an chéad mhodh ar siúl le linn na tástála formheasa sa tsaotharlann, ar a dtugtar 'New European Driving Cycle' (Sraith Nua Eorpach Tiomána, 'NEDC'). In éagmais shainchoinníollacha na tástála

[10] BGBl. 2011 I, lch. 126.

[11] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Márta 2002 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí dhá roth nó trí roth agus lena n-aisghairtear Treoir 92/61/CEE ón gComhairle (IO 2002 L 124, lch. 1).

[12] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 26 Bealtaine 2003, maidir le cineálcheadú tarracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta, a leantóirí agus a n-innealra tarraingthe idirmhalartaithe, chomh maith le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla na bhfeithiclí sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 74/150/CEE (IO 2003 L 171, lch. 1).

formheasa sin, cuireadh modh 0 ar siúl agus, sa chás sin, laghdaíodh ráta athshruthaithe an gháis sceite. I bhfíoroibríocht, bhí na feithiclí sin i modh 0 beagnach i gcónaí, agus dá bhrí sin níor chomhlíon siad na luachanna teorantacha NOx dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 715/2007. Is léir ón gcinneadh tarchuir gur feiste sháraithe neamhdhleathach é an córas lasctha de réir bhrí Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 715/2007. Mar chuid de nós imeachta cineálcheadaithe CE le haghaidh na bhfeithiclí lena mbaineann, níor chuir Volkswagen in iúl do KBA go bhfuil córas den sórt sin ann.

26. Ghlac KBA cinneadh de bhun § 25(2) de EG-FGV ar an 15 Deireadh Fómhair 2015, inar ordaigh sé *inter alia* do Volkswagen comhréireacht na n-inneall de chineál EA 189 de ghlúin Euro 5 le rialacháin reatha náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Shonraigh KBA go gcaithfí na réitigh a chur faoina bhráid le haghaidh ceadú sula gcuirfí i bhfeidhm iad.

27. Sa chomhthéacs sin, rinne Volkswagen uasdátú ar na bogearraí atá comhtháite sa ríomhaire rialaithe innill atá feistithe ar na feithiclí lena mbaineann (‘na bogearraí atá i gceist’). Bhí éifeacht ag na bogearraí seo fuinneog theochta a bhunú faoina bhfuil an ráta athchúrsála gáis sceite, is é sin le rá an méid gáis sceite a atreoraítear isteach san inneall, ar 0 % nuair a bhí an teocht lasmuigh faoi -9 gcéim Celsius, ó 85 % nuair a bhí sé idir -9 agus 11 chéim Celsius, agus méadaithe thar 11 chéim Celsius le bheith ag feidhmiú 100 % sa chás go raibh an teocht lasmuigh os cionn 15 chéim Celsius amháin (an ‘fhuinneog theochta’).

28. Le cinneadh an 20 Meitheamh 2016 (‘an cinneadh a chonspóidtear’), thug KBA údarú do na bogearraí a bhí i gceist. Chuige sin, thug sé dá aire go háirithe nach raibh feistí sáraithe neamhdhleathacha ann, de réir bhrí Rialachán Uimh. 715/2007, ós rud é go raibh na feistí sáraithe a bhí ann fós dleathach.

29. An 15 Samhain 2016, thaisc Deutsche Umwelthilfe, comhlachas atá i dteideal imeachtaí dlí a thionscnamh de bhun § 3 de UmwRG, achomharc riaracháin i gcoinne an chinnidh a chonspóidtear, ní dhearnadh breith maidir leis an achomharc riaracháin seo fós tráth a rinneadh an tarchur chun réamhrialú seo.

30. An 24 Aibreán 2018, thug an comhlachas sin caingean os comhair Schleswig-Holsteinisches Verwaltungsgericht (Cúirt Riaracháin Schleswig-Holstein), an chúirt a rinne an tarchur, ag lorg an cinneadh a chonspóidtear a chur ar ceal. D’áitigh sé gur feistíodh na feithiclí atá i gceist sna príomhimeachtaí le feiste sháraithe neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, ós rud é go gcuirtear an gléas sin i ngníomh nuair a shroichtear na teochtaí meánacha sa Ghearmáin, is é sin thart ar 10.4 céim Celsius sa bhliain 2018. De réir an chomhlachais sin, tá an deis ag monaróirí gluaisteán, i bprionsabal, innill a dhearadh nach bhfuil gá leo feidhmíocht na gcóras rialaithe astaíochtaí NOx a laghdú ar chúiseanna teicniúla ag meánteochtaí agus a d’oibreodh dá bhrí sin faoi ghnáthchoinníollacha úsáide.

31. Áitíonn Bundesrepublik Deutschland (Poblacht Chónaidhme na Gearmáine) nach bhfuil seasamh dlí ag Deutsche Umwelthilfe chun an cinneadh atá á chonspóid a chonspóid agus go bhfuil a chaingean do-ghlactha dá bhrí sin.

32. Measann an chúirt a rinne an tarchur, sa chás seo, nach bhfuil seasamh dlí ag Deutsche Umwelthilfe chun imeachtaí a thionscnamh faoi § 42(2) de VwGO, ar dá réir, mura bhforáiltear a mhalairt sa dlí, níl an t-achomharc inghlactha ach amháin má éilíonn an t-iarratasóir go

ndearnadh difear dá chearta leis an ngníomh riaracháin atá i gceist. Níl aon fhoráil sa dlí a d'fhéadfadh, murab ionann agus an córas achomhairc aonair ar a bhfuil an fhoráil seo bunaithe, seasamh dlí eisceachtúil a thabhairt don chomhlachas sin chun gníomhú.

33. Go háirithe, ní thagann an cás sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme UmwRG, mar atá sainmhínithe i § 1(1) den dlí sin. As na cinntí a bhféadfadh eagraíocht um chosaint an chomhshaoil achomharc a dhéanamh ina leith, is é an t-aon chatagóir a d'fhéadfaí a shamhlú sa chás seo ná an ceann dá dtagraítear in § 1(1), an chéad mhír, pointe 5) de UmwRG, faoina bhfuil an dlí seo infheidhme maidir le hachomhairc i gcoinne gníomhartha riaracháin nó conarthaí dlí poiblí lena n-údaraítear tionscadail seachas na cinn dá dtagraítear i bpointí 1 go 2b de § 1(1) sin, de bhun fhorálacha chomhshaol an dlí fheidearálaigh, dhlí an Land nó gníomhartha de dhlí an Aontais atá infheidhme go díreach. Chuige sin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, tá nasc ag Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 leis an gcomhshaol agus ní rialachán teicniúil é atá beartaithe chun an margadh inmheánach a rialáil, mar a d'eascair as aithrisí 1, 4 agus 7 den Rialachán sin.

34. Mar sin féin, ní thagraíonn § 1(1), an chéad fhomhír, pointe (5) de UmwRG ach do ghníomhartha riaracháin lena n-údaraítear 'tionscadail'. Tógtar an coincheap 'tionscadal', de réir bhrí na forála sin, ar bhonn Threoir 85/337/CEE[13], lena bhforáiltear, ina hAirteagal 1(2), go gciallaíonn an téarma 'tionscadal' 'oibreacha tógála nó suiteála nó oibreacha eile a chur i gcrích' (an chéad fhleasc) chomh maith le 'hidirghabhálacha eile sa ghnáthóg nádúrtha nó an tírdhreach, lena n-áirítear iad siúd atá beartaithe chun acmhainní ithreach a shaothrú' (an dara fleasc) [Aistriúchán neamhoifigiúil]. Sa chomhthéacs sin, ní bhainfeadh na rialacháin náisiúnta ach le suiteálacha seasta nó le bearta arb ionann iad agus idirghabháil dhíreach. Mar sin féin, baineann cineálcheadú fheithiclí CE, amhail an leasú ar chineálcheadú CE dá dtagraítear sa chinneadh a chonspóidtear, le 'údarú' táirge agus ní 'tionscadal' é de réir bhrí an dlí náisiúnta, sa mhéid nach mbaineann siad le suiteáil sheasta agus nach bhfuil aon idirghabháil dhíreach i gceist leo sa ghnáthóg nádúrtha ná sa tírdhreach.

35. Ina theannta sin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, ní fhéadfaí teacht ar chonclúid eile de bharr léiriú leathan ar an gcoincheap 'tionscadal' de réir bhrí § 1(1), an chéad fhomhír, pointe (5) de UmwRG. Thug an Chúirt Bhreithiúnais faoi deara gur faoin gcúirt náisiúnta atá sé, chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí comhshaoil an Aontais, léiriú a thabhairt dá dlí náisiúnta atá, a mhéid is féidir, i gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus[14]. Mar sin féin, mar gheall ar an sainmhíniú soiléir ar an gcoincheap 'tionscadal' sa dlí náisiúnta, chuirfí cosc ar an gcúirt a rinne an tarchur an coincheap sin sa chás seo a leathnú chuig údarú a dhéanamh maidir le huasdátú na mbogearraí atá i gceist d'fhonn na feithiclí lena mbaineann a thabhairt i gcomhréir leis na rialacháin atá i bhfeidhm.

36. Thairis sin, ní fhéadfaí forálacha UmwRG a chur i bhfeidhm de réir analaí, ar bhonn folús dlíthiúil neamhbheartaithe sna rialacháin náisiúnta, i.e. nuair nár shainaithin an reachtóir an leas i gceist nó nuair nach bhféadfadh sé é a shainaithint mar gheall ar athrú ina dhiaidh sin ar imthosca. Go deimhin, le linn an phróisis reachtaigh as ar tháinig UmwRG in 2017, a raibh sé mar aidhm aige go háirithe an dlí a oiriúnú do cheanglais an dlí idirnáisiúnta phoiblí a eascraíonn

[13] Treoir ón gComhairle, an 27 Meitheamh 1985, maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe ar an gcomhshaol (IO 1985 L 175, lch. 40). Aisghairtear é seo le Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 13 Nollaig 2011, maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe ar an gcomhshaol (IO 2012 L 26, lch. 1).

[14] Breithiúnas an 8 Márta 2011, *Lesoochranárske zoskupenie* (C-240/09, EU:C:2011:125, mír 50).

as Airteagal 9(3), de Choinbhinsiún Aarhus agus breithiúnas an 8 Márta 2011, *Lesoochranárske zoskupenie* (C-240/09, EU:C:2011:125) a chur san áireamh, aithníodh agus pléadh ceist chur i bhfeidhm an choincheapa 'tionscadal', de réir bhrí § 1(1), an chéad fhomhír, pointe 5) den dlí sin maidir le húdaruithe táirgí. Chuige sin, dúradh go sainráite nár bhain an dlí sin le réimse na dtáirgí, lena n-áirítear feithiclí. Ina theannta sin, dúradh go sainráite sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an dlí céanna gur tharscaoil an reachtas náisiúnta an smaoineamh chun Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus a thrasuí go foráil ghinearálta ar an bhforas go gcruthódh sé seo deacrachtaí móra teorannaithe agus éiginnteacht dhlíthiúil.

37. Ní fhéadfadh Deutsche Umwelthilfe brath ach an oiread ar sheasamh chun imeachtaí a thionscnamh a thagann go díreach ó Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus. Ós rud é nach bhfuil aon éifeacht dhíreach ag an bhforáil sin i ndlí an Aontais, mar a shonraítear i mbreithiúnas an 20 Nollaig 2017, *Protect Natur-, Arten- und Landschaftsschutz Umweltorganisation* (C-664/15, an 'breithiúnas *Protect*' , EU:C:2017:987, mír 45), ní foráil reachtach í de réir bhrí na chéad abairte de § 42(2) de VwGO.

38. Deir an chúirt a rinne an tarchur nach bhfuil seasamh dlí ag Deutsche Umwelthilfe ach an oiread chun imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an chinnidh a chonspóidtear faoin dara habairt de § 42(2) de VwGO, faoina gcaithfidh an t-iarratasóir a dhearbhú go ndéantar difear dá chearta leis an ngníomh riaracháin atá i gceist. Tá an córas leigheasanna aonair dá bhforáiltear ag VwGO bunaithe ar chearta suibiachtúla. Mar sin féin, ní cosúil go mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí le ceart suibiachtúil duine nádúrtha a sáraíodh. Ní thabharfadh sárú ar an toirmeasc ar úsáid feiste sáraithe atá leagtha amach in Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, an t-aon cheann a d'fhéadfadh a bheidh ábhartha maidir leis an gcás seo, ceart suibiachtúil do dhuine nádúrtha, toisc nach mbeadh sé mar aidhm ag an bhforáil sin ciorcal daoine a chosaint atá deighilte go cinntitheach ón bpobal.

39. Sna himthosca sin, measann an chúirt a rinne an tarchur go mbraitheann toradh na príomhimeachtaí ar cibé an féidir le Deutsche Umwelthilfe seasamh dlí a éileamh chun imeachtaí a thionscnamh de bhun dhlí an Aontais go díreach. I bhfianaise bhreithiúnas *Protect* go bhfhéadfadh seasamh dlí a bheith ag Deutsche Umwelthilfe mar thoradh ar chomhchur i bhfeidhm Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus agus na chéad mhíre d'Airteagal 47 den Chairt. I dtaca leis sin, cuireann an chúirt sin in iúl nach dtagann an cás sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme Airteagal 9(2) den Choinbhinsiún sin toisc, ar dtús, nach cinneadh é an cinneadh a chonspóidtear a rialaítear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún sin agus, ar an taobh eile, nach bhfuil aon fhoráil sa dlí náisiúnta, de réir bhrí na chéad abairte d'Airteagal 9(2), den Choinbhinsiún céanna, lena ndéantar forálacha eile den Choinbhinsiún sin infheidhme.

40. Deir an chúirt a rinne an tarchur, maidir le hiarmhairtí bhreithiúnas *Protect* ar an dlí nós imeachta náisiúnta, go mbeadh cinntí éagsúla tugtha ag cúirteanna náisiúnta, rud a chothaíonn a amhras go gceadaítear le dlí an Aontais comhlachas formheasta um chosaint an chomhshaoil, thar na féidearthachtaí achomhairc dá bhforáiltear cheana le UmwRG, agóid a dhéanamh i gcoinne údarú riaracháin ar tháirge den chineál atá i gceist sa chás seo más rud é go bhfuil sé mar aidhm ag an gcomhlachas sin leis an ngníomhaíocht a áirithiú go gcomhlíontar forálacha dhlí comhshaoil an Aontais nach n-eascraíonn aon cheart aonair astu.

41. I gcás ina measann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil seasamh dlí ag comhlachas um chosaint an chomhshaoil chun agóid a dhéanamh i gcoinne chineálcheadú CE feithiclí, measann an chúirt a rinne an tarchur go mbraitheann dlíthiúlacht an chinnidh a chonspóidtear go cinntitheach ar léiriú Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, go háirithe maidir leis an gcoincheap 'gá' le

feiste sháraithe. I ndáil leis sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcaithfear an coincheap ‘gá’ le feiste sháraithe de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, a léiriú ag féachaint do leibhéal reatha na teicneolaíochta chun a chinneadh an bhfuil gá le feiste sháraithe chun an t-inneall a chosaint ó dhamáiste nó ó thionóisc agus chun go n-oibreoidh an fheithicil go sábháilte.

42. Ba sna himthosca sin a chinn an Schleswig-Holsteinisches Verwaltungsgericht (Cúirt Riaracháin, Schleswig-Holstein) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) An gcaithfear Airteagal 9(3) de [Choinbhinsiún Aarhus], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den [Chairt], a léiriú sa chaoi gur cheart go mbeadh comhlachais um chosaint an chomhshaoil in ann, i bprionsabal, agóid a dhéanamh os comhair na gcúirteanna i gcoinne cinneadh riaracháin lena n-údaraítear – b’fhéidir de shárú ar Airteagal 5(2) de [Rialachán Uimh. 715/2007] – gluaisteáin paisinéirí a mhonarú le hinnill díosail atá feistithe le feistí sáraithe?

2) Má tá freagra dearfach ar an gcéad cheist:

   a) An gcaithfear Airteagal 5(2) de [Rialachán Uimh. 715/2007] a léiriú sa chaoi go ndéantar measúnú i bprionsabal ar an ngá atá leis an bhfeiste sháraithe chun an t-inneall a chosaint ó dhamáiste nó ó thionóisc agus chun go n-oibreoidh an fheithicil go sábháilte, arna mheas ag féachaint don leibhéal reatha teicneolaíochta, arb é an méid atá indéanta go teicniúil ar dháta an chineálcheadú?

   b) I dteannta leis an leibhéal teicneolaíochta, dá gcuirfí san áireamh imthosca eile a d’fhéadfadh feiste sháraithe a dhéanamh dleathach cé go ndéanfaí é a mheas ag féachaint do leibhéal na teicneolaíochta ar an dáta ábhartha amháin, nach bhfuil aon “riachtanas” ann, de réir bhrí Airteagal 5(2)(a) de Rialachán Uimh. 715/2007, don fheiste sin?’

43. Chuir Deutsche Umwelthilfe, KBA, Volkswagen, agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach. D’fhreagair na páirtithe sin na ceisteanna a chuir an Chúirt Bhreithiúnais i scríbhinn freisin.

IV. Anailís

A. An chéad cheist a tharchuirtear chun réamhrialú

44. Lena chéad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bunúsach an gcaithfear Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus, arna léamh i gcomhar leis an gcéad mhír d’Airteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi gur féidir le comhlachas formheasta um chosaint an chomhshaoil, a bhfuil sé de chumhacht aige imeachtaí dlí a thionscnamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agóid a dhéanamh os comhair cúirt náisiúnta i gcoinne cinneadh riaracháin lena ndeonaítear cineálcheadú CE d’fheithiclí a d’fhéadfadh a bheith contrártha d’Airteagal 5 (2) de Rialachán Uimh. 715/2007 lena gcuirtear cosc, seachas i gcásanna eisceachtúla, ar úsáid feistí sáraithe lena laghdaítear éifeachtacht na gcóras rialaithe astaíochtaí.

45. Foráiltear le hAirteagal 9(3) den Choinbhinsiún, gan dochar do na nósanna imeachta achomhairc dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal sin, nach mór do gach Páirtí a áirithiú, i gcás ina gcomhlíonann sé na critéir, más ann dóibh, a leagtar síos sa dlí náisiúnta, go

mbeidh rochtain ag an bpobal ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha chun agóid a dhéanamh in aghaidh gníomhartha agus neamhghníomhartha daoine príobháideacha agus údarás poiblí a sháraíonn forálacha an dlí náisiúnta i ndáil leis an gcomhshaol.

46. Chun an cheist sin a fhreagairt, scrúdóidh mé raon feidhme Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus agus ansin raon feidhme na forála sin, arna léamh i gcomhar leis an gcéad mhír d'Airteagal 47 den Chairt.

1. Maidir le raon feidhme Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus

47. Ba cheart a thabhairt faoi deara i dtosach báire go mbaineann an cás sna príomhimeachtaí leis an bhféidearthacht imeachtaí dlí a thionscnamh chun agóid a dhéanamh i gcoinne ghníomh údaráis phoiblí, eadhon, cineálcheadú CE feithiclí. Dá bhrí sin, comhlíontar na coinníollacha sin dá dtagraítear in Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus. Baineann na coinníollacha eile le raon feidhme ábhartha agus pearsanta na forála seo, a ndéileálfar leo i ndiaidh a chéile.

